



## Scéimeanna Spóirt

### Téarmaí agus Coinníollacha

#### 1. Scéimeanna Spóirt

Tá dhá chineál Scéime Spóirt á tairiscint ag CMgS:

##### 1.1 Scoláireachtaí Spóirt Scothaicme i gcuimhne ar Noreen Lynch agus ar Leonard Enright

**1.1.1 Tairisceoidh** CMgS cúig Scoláireachtaí Spóirt Scothaicme. Déanfar luach gach scoláireacht a sheachadadh trí sparánacht choinníollach agus trí shochair bhreise mar a leanas:

- Scoláireacht Óir x 1: Luach €4,000 (giomnásiam = €180, éadaí spóirt = €120 & €3,700 i dtreo fhiacha mac léinn CMgS (táillí/lóistín) ar an gcéad dul síos agus an chuid eile íoctha amach le sparánacht. Oscailte do gach iarratasóir.
- Scoláireacht Airgid x 2: Luach €2,000 an ceann (giomnásiam = €180, éadaí spóirt = €120 & €1,700 i dtreo fhiacha mic léinn CMgS (táillí/lóistín) ar an gcéad dul síos agus an chuid eile íoctha amach le sparánacht. Oscailte do gach iarratasóir.
- Scoláireacht Chré-umha x 2: Luach €1000 an ceann (giomnásiam = €180, éadaí spóirt = €120 & €700 i dtreo fhiacha mac léinn CMgS (táillí/lóistín) ar an gcéad dul síos agus an chuid eile íoctha amach le sparánacht. Teoranta d'iarratasóirí LOI atá ag teacht isteach.

**1.1.2** Ní féidir luach an giomnásiam agus éadaí spóirt a athrú isteach i ndámhachtain airgeadaíochta.

**1.1.3** Ní mór d'iarratasóirí rathúla na Critéir Mheasúnaithe Spóirt a chomhlíonadh (féach Mír 5).

**1.1.4** Bliain Acadúil amháin a mhairfidh an Scoláireacht um Spórt Scothaicme. D'fhéadfadh iarratasóirí rathúla iarratas a dhéanamh bliain i ndiaidh a chéile, áfach.

**1.1.5 Ní bheidh** mic léinn atá ag fáil Scoláireacht larchéime / Chúntóir **i dteideal** iarratas a dhéanamh ar na Scoláireachtaí Spóirt Scothaicme.

##### 1.2 Scéim Lamháltais Pointí LOI

**1.2.1** D'fhéadfadh iarratasóirí rathúla a shásaíonn na riachtanais iontrála go léir, agus a chomhlíonann na Critéir Mheasúnaithe Spóirt (féach Mír 5), a bheith incháilithe i gcomhair laghdú pointí suas go 40 pointe faoi scoithphointe an Chéad Bhabhta LOI don chlár léann atá i gceist acu,

#### 2. Foirm Iarratais

2.1 Ní mór d'iarratasóirí foirm iarratais ar líne a líonadh isteach atá ar fáil ag:

[www.mic.ul.ie/study-at-mic/scholarships](http://www.mic.ul.ie/study-at-mic/scholarships) (Foirm iarratais ar leith do gach scéim)

2.2 Is é an dáta deiridh go nglacfar le hiarratais ná 1 Bealtaine ar bhliain an iarratais.

### **3. Nós Imeachta maidir le hlarratais ar Scoláireachtaí Spóirt Scothaicme**

Chun go dtógfar iarratasóir san áireamh do na Scoláireachtaí Spóirt Scothaicme cuirfear na nósanna imeachta seo a leanas i bhfeidhm

#### **3.1 Iarratasóirí Fochéime Nua:**

3.1.1 Ba chóir dóibh iarratas a dhéanamh ar a rogha clár mar is gnách tríd an LOI.

3.1.2 Ba chóir dóibh iarratas a dhéanamh go díreach chuig CMgS ar na scoláireachtaí seo tríd an fhoirm iarratais ar líne a líonadh isteach agus a n-Uimhir LOI á lua.

3.1.3 Ní mór dóibh na Critéir Mheasúnaithe Spóirt a chomhlíonadh (féach Mír 5).

### **4. Nós Imeachta maidir le hlarratais ar Scéim Lamhátais Pointí LOI**

Chun go gcuirfear san áireamh iad don scéim iontrála seo, ní mór d'iarratasóirí:

4.1 A bheith tar éis cur isteach ar chlár dá rogha féin i gCMgS tríd an LOI.

4.2 Na híos-riachtanais iontrála dá rogha clár Leibhéal 8 a chomhlíonadh.

4.3 A bheith laistigh de 40 pointe de phointí Bhabhta a hAon CAO dá gclár ainmnithe.

4.4 Iarratas a chur díreach chuig CMgS ar na scoláireachtaí seo tríd an fhoirm iarratais ar líne, agus a n-uimhir LOI á lua.

### **5. Critéir Mheasúnaithe Spóirt**

5.1 Beidh feidhm ag na híoschaighdeáin rannpháirtíochta seo a leanas maidir leis an dá scéim:

- Na Cluichí Gaelacha: Leibhéal Mionúir an Chontae agus cumas a bheith san iomaíocht ag leibhéal aoise níos airde
- Haca: Ionadaíocht Idir-Chúige/Idirnáisiúnta
- Lúthchleasaíocht: Ionadaíocht idirnáisiúnta do Scoileanna/Cluichí Ceilteacha nó Sóisearach
- Rugbaí: grád scoileanna/aoise, ionadaíocht ag an Leibhéal idirnáisiúnta, cúige agus/nó idirnáisiúnta/acadamh cúige/Fo-acadamh/Thar Lear nó ag a chomhionann sa RA
- Sacar: Scoileanna/ionadaíocht idirnáisiúnta agus/nó cúige ag grád aoise/clár tallainne atá ag teacht chun cinn/coibhéis thar lear nó sa RA
- Cispheil: Leibhéal na hArd-Sraithe agus/nó ionadaíocht ar an scuad Sóisearach Náisiúnta
- Rámhaíocht: Ionadaíocht náisiúnta shóisearach
- Spóirt Eile: Mar atá sainmhínithe ag an gcomhlacht aitheanta spóirt

5.2 Ní mór dóibh siúd a chuireann isteach ar an Scoláireacht Scothaicme a léiriú go soiléir go bhfuil an cumas iontu, nó go bhfuil siad ag feidhmiú cheana féin, ag leibhéal sinsearach Idir-Chontae sna cluichí Gaelacha; Daoine Fásta Idirnáisiúnta nó an leibhéal rannpháirtíochta is airde bainte amach laistigh den chatagóir spóirt.

### **6. Critéir do Scéimeanna Spóirt CMgS**

6.1 D'fhéadfaidh iarratasóirí cur isteach ar an dá scéim trí úsáid a bhaint as an dá fhoirm iarratais ar leith

6.2 Táthar ag súil go bhfeidhmeoidh gach dámhachtaí mar ambasadóirí do CMgS i dtéarmaí a rannpháirtíochta ina spórt roghnaithe nó i ngníomhaíochtaí eile de réir mar a iarrann an Coláiste ar feadh tréimhse na scéime.

6.3 Ní mór do gach dámhachtaí caighdeán oiriúnach iompair agus spóirt a léiriú i gcónaí. Ní ghabhfaidh dámhachtaithe go brách i mbun aon ghníomhaíocht a d'fhéadfadh droch-cháil a tharraingt ar an gColáiste. Coimeádann CMgS an ceart an dámhachtain a tharraingt siar má sháraíonn an dámhachtaí Cód Iompraíochta CMgS do Mhic Léinn.

6.4 Sa chás go ngortaítear an t-iarratasóir/na hiarratasóirí rathúla sa bhliain a dtairgtear an dámhachtain ina leith, beidh ar an ndámhachtaí gach dualgas ambasadóra a chomhlíonadh níos déanaí.

6.5 Táthar ag súil go bhfreastalóidh an t-iarratasóir/na hiarratasóirí rathúla agus go ndéanfaidh sé/sí ionadaíocht thar ceann CMgS ar thrí imeacht bolscaireachta ar a laghad sa bhliain inar bronnadh an dámhachtain.

## 7. **Próiseas Moltóireachta Scéimeanna Spóirt CMgS**

Tá Coiste Scoláireachtaí Spóirt tiomnaithe ag CMgS a dhéanfaidh measúnú agus maoirsiú ar an bpróiseas iarratais don Scéim Lamháltais LOI agus do na Scoláireachtaí Spóirt Scothaicme ar aon. Is cinneadh críochnaitheach cinneadh an Choiste. Dícháileofar aon iarratasóir a théann i mbun canbhasála.

### 7.1 **Próiseas Moltóireachta do Scéim Spóirt Lamháltais Pointí LOI**

7.1.1 Déanfaidh an Coiste athbhreithniú ar gach iarratas agus cruthófar gearrliosta d'iarratasóirí oiriúnacha don dá scéim tar éis an spriocdháta d'iarratais, 1 Bealtaine.

7.1.2 Cuirfear toradh a n-iarratas in iúl do gach iarratasóir ar Scéim Spóirt Lamháltas Pointí an LOI a luaithe is féidir tar éis do Thairiscintí Bhabhta a hAon LOI a bheith curtha amach.

### 7.2 **Próiseas Moltóireachta na Scoláireachtaí Spóirt Scothaicme**

7.2.1 Déanfaidh an Coiste athbhreithniú ar gach iarratas agus cruthófar gearrliosta d'iarratasóirí oiriúnacha – cuirfear cuireadh chun agallaimh chucu tar éis an spriocdháta d'iarratais, 1 Bealtaine.

7.2.2 Reáchtáilfear agallaimh do na Scoláireachtaí Spóirt Scothaicme i lár mhí Iúil.

7.2.3 Tar éis na n-agallamh, cuirfear litir thairisceana ar aghaidh chuig na hiarratasóirí rathúla ar na Scoláireachtaí Spóirt Scothaicme.

<b>Stair na Cáipéise</b>		
<b>Uimh. Leagain</b>	<b>Dáta</b>	<b>Cur síos ar an Athrú</b>
0.1	23 Meán Fómhair 2019	Cáipéis cruthaithe – Réamhleagan
0.2	10 Iúil 2020	Leasuithe ar 2.1, 5.2 agus 6.2 (athbhreithniú déanta ar 6.5 – níor moladh aon athrú)
0.3	20 Bealtaine 2022	Leasuithe ar 1.1.1
0.4	17/10/2022	Leasuithe ar 1.1
0.5		
0.6		
0.7		